# Na Pláinéid sa Ghrianchóras

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Láimhseáil Sonraí - sonraí a léiriú agus a léirmhíniú<br>Cruth agus Spás - cruthanna 2T<br>Tomhais - fad<br>*Naisc Thraschuraclaim - Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn, Na hEalaíona* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• eolas atá de dhíth le haghaidh taisc a shainaithint agus a aimsiú, ag moladh foinsí cuí le teacht ar an eolas<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• smaointe agus modhanna oibre s'acu a chur i gcomparáid le daoine eile<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• torthaí a sheiceáil agus a mheas le feiceáil an luíonn siad le réasún |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | sonraí, bunachar sonraí, meán, uair, lá, trastomhas, fad, achar, cruth, teocht, scála, barrachairt, cúpla barrachairt, Léaráid Venn, Léaráid Carroll, crann cinnteoireachta, píchairt, picteagraim |
| **Áiseanna** | suíomhanna gréasáin, leabhair le taighde a dhéanamh ar phláinéid, feidhmchláir scarbhileoige |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Oibríonn daltaí i ngrúpaí le taighde a dhéanamh ar phláinéad sa ghrianchóras, agus le bunachar sonraí ina mbeidh roinnt fíricí a chruthú. Sonraí féideartha ná:

- Meánteochtaí (uimhreacha diúltacha san áireamh)
- Líon laethanta i mbliain
- Líon uaireanta i lá
- Am taistil ón domhan
- Líon na bhfáinní
- Trastomhas
- Líon na ngealach

Spreag daltaí le smaoineamh ar cad é mar a shórtálfaidh agus a chuirfidh siad a gcuid sonraí i láthair. Mar shampla, d'fhéadfadh na daltaí MS Excel a úsáid lena gcuid sonraí a eagrú, agus póstaer eolais nó MS Powerpoint a chruthú lena dtorthaí a roinnt.

### 2 Gníomhaíocht 2

Comhoibríonn daltaí agus roinneann siad a gcuid eolais le tacar sonraí an ranga uilig a chruthú, eolas ar na pláinéid uilig sa Ghrianchóras san áireamh. Ansin, is féidir leo na sonraí a anailísiú agus airíonna difriúla na bpláinéad a chur i gcomparáid le chéile, agus graif/cairteacha nó táblaí a chruthú más cuí. Mar shampla, d'fhéadfadh siad graf ar fhad an lae ar gach ceann de na pláinéid a chruthú, nó fad an lae a chur i gcomparáid le fad na bliana ar dhébharrachairt. D'fhéadfadh siad meán agus raon na dteochtaí maidir leis na pláinéid a chur i gcomparáid lena chéile.

### 3 Gníomhaíocht 3

Oibríonn daltaí le chéile le mionsamhlacha de réir scála de na pláinéid uilig a dhearadh agus a chruthú. Beidh orthu aontú ar scála a úsáid le trastomhais chomparáideacha dhifriúla na bpláinéad a léiriú.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cé acu pláinéad a bhfuil an lá/an bhliain is faide/is gairide ag baint leis?<br>• Cé acu pláinéad is cóngaraí don ghrian/is faide ón ghrian?<br>• Cé acu pláinéad a bhfuil an trastomhas is mó/is lú aige?<br>• Ag taisteal ar luas de __ km/u, cá fhad a thógfadh sé le dul ó thaobh amháin de phláinéad X go dtí an taobh eile?<br>• Cad é meánteocht na bpláinéad?<br>• Má bhí cónaí ort ar Phláinéad X, cá mhinice a bheadh breithlá agat? | • Cad é a insíonn na sonraí dúinn?<br>• Cad é nach n-insíonn na sonraí dúinn?<br>• Cad é mar a d'eagraigh tú do shonraí?<br>• Cad chuige ar chuir tú na sonraí seo i do bhunachar sonraí?<br>• Cad chuige ar úsáid tú an scála seo i do ghraf?<br>• Má athraíonn tú do scála, cad é mar a athróidh sé seo do ghraf?<br>• Cad é mar a shocraigh tú ar an scála a d'úsáid tú i do mhionsamhail? |

## Difreáil

Is féidir tacair shonraí agus comhthéacs na gníomhaíochta a shocrú de réir shuimeanna na ndaltaí. Mar shampla, in áit na bpláinéad, d'fhéadfadh na daltaí bunachar sonraí ar thíortha, foirne spóirt, nó popghrúpaí a chruthú. Is féidir cairteacha agus graif a athrú de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.